# Ateangairí Óga

## Faisnéis Tacaíochta

### Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó **bhunscoil uirbeach mheasctha**. Déantar an éagsúlacht shaibhir teangacha a labhraíonn na **páistí ilteangacha** sa scoil a cheiliúradh. Tá an Young Interpreter Scheme **(cliceáil anseo)** á reáchtáil sa scoil le roinnt blianta anuas. Is scéim é seo a bunaíodh i dtosach sa Ríocht Aontaithe mar fhreagairt ar ardú ar an líon páistí a bhí ag freastal ar bhunscoileanna agus Béarla mar an dara teanga acu. Is é an phríomhaidhm atá leis an scéim ná go n-úsáidfidh páistí dátheangacha agus ilteangacha a dteanga bhaile chun **cabhrú le páistí nuathagtha** teacht ar an mBéarla, cairde a dhéanamh agus aistriú go rathúil chuig scoil nua.

Sa scoil seo, tá deis ag na páistí feidhmiú mar ateangairí óga do pháistí nua sa scoil a labhraíonn an teanga chéanna leo. Baineann sin le páiste níos sine a chur le páiste níos óige, de ghnáth, rud a eagraítear i mí an Mheithimh don bhliain acadúil roimhe sin. Is tábhachtach go gcuireann na hateangairí óga aithne ar na páistí a chuirtear leo ag tús na scoilbhliana agus go gcuireann siad gnáthamh agus rialacha na scoile in iúl dóibh. Casann na hateangairí óga agus na páistí a chuirtear leo le chéile uair sa tseachtain mar ghrúpa mór ar feadh leathuair an chloig agus tugann siad faoi eispéiris éagsúla foghlama.

Léirítear san fhíseán seo dhá shampla d'eispéiris foghlama ina dtacaíonn na hateangairí óga le foghlaim na bpáistí.




### Sampla 1: Téacsanna dhá theanga a chruthú

Baineann an t-eispéireas foghlama le páistí ag tabhairt faoi **leabhair dhá theanga a chruthú**. Tá na páistí ag scríobh fúthu féin i **mBéarla agus ina dteanga bhaile** le tacaíocht óna nateangaire óg le linn an phróisis. Is deis é an t-eispéireas foghlama seo **piartheagasc** a chur chun cinn, ina bhféadfaidh páistí oibriú le chéile ar scoil chun na téacsanna a chruthú. I rith an tionscadail seo, tugann na páistí faoi **phleanáil, dréachtú, eagarthóireacht agus dréacht deiridh** dá dtéacsanna a tháirgeadh, a scríobhtar ina dteanga bhaile agus i mBéarla araon. Cuireann siad léaráidí cuí sa leabhar freisin. Tá **an t-ábhar céanna scríofa sa dá theanga** ar gach leathanach den leabhar, rud a chuireann ar chumas na bpáistí scileanna a aistriú **ó theanga go teanga**. Chomh maith leis sin, cuireann sé ar a gcumas deis a fháil smaoineamh agus scríobh ina dteanga bhaile le cabhair ó na hateangairí óga.

# Ateangairí Óga

## Faisnéis Tacaíochta




Tá roinnt céimeanna i gceist le go mbeidh na páistí réidh chun a dtéacsanna críochnaithe a chur i láthair lucht féachana. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

1. Cinneann daltaí topaic le scríobh fúithi agus roghnaíonn siad teideal dá gcuid téacsanna.
2. Pleanálann siad agus cinneann siad ábhar na dtéacsanna.
3. Cruthaíonn na páistí dréacht dá gcuid téacsanna.
4. Agus gach leathanach den leabhar á scríobh ag an ateangaire óg agus an páiste, scríobhann siad an téacs céanna sa teanga bhaile agus i mBéarla araon. Baineann go leor plé idir an páiste agus a nateangaire óg leis sin.
5. Déanann na páistí eagarthóireacht agus athdhréachtú ar na téacsanna ansin, agus cuireann siad Léaráidí ar gach leathanach
6. Scríobhtar dréacht deiridh den téacs.
7. Cuireann na páistí a gcuid téacsanna i láthair lucht féachana. Baineann sin leis an leabhar a léamh sa dá theanga agus na léaráidí a thaispeáint.

Ar an tslí sin, faigheann páistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu deis iad féin a chur in iúl ina gcéad teanga. Tríd an tionscadal, beidh ábhar léitheoireachta ar fáil sa todhchaí d'fhoghlaimeoirí teangacha eile sa scoil.

### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

I rith an ullmhúcháin do rannpháirtíocht na bpáistí i gcruthú na dtéacsanna dhá theanga, bhí aird ag an múinteoir ar **thaithí na bpáistí roimhe sin agus ar an eolas** a bhí acu maidir le scríobh sa teanga bhaile. De bharr go raibh éagsúlacht mhór i gceist leis sin i measc na bpáistí, rinne an múinteoir pleanáil dá réir don eispéireas foghlama. Rinne na hateangairí óga tascanna scríbhneoireachta na bpáistí a scafláil go cuí. Spreagadh na hateangairí óga le **rannpháirtíocht agus muinín na bpáistí a chothú** i rith na dtascanna scríbhneoireachta. Spreagadh na páistí le topaicí a raibh spéis acu iontu a roghnú agus a bheith rannpháirteach sa phróiseas scríbhneoireachta le tacaíocht ón ateangaire óg.

D'fhonn na téacsanna dhá theanga a chruthú, shainaithin an múinteoir torthaí foghlama cuí le pleanáil a dhéanamh uathu laistigh den **Snáithe Scríbhneoireachta** mar seo a leanas:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht | Tá páirt á ghlacadh ag na páistí sa scríbhneoireacht i dteangacha éagsúla, agus sult á bhaint aisti, le tacaíocht ó na hateangairí óga. |
| TF2: Inspreagadh agus rogha | Tá ábhar agus topaicí á roghnú ag na páistí dá gcuid scríbhneoireachta féin. |
| TF7: Próiseas na scríbhneoireachta agus téacs a chruthú | Tá téacsanna á gcruthú ag na páistí i raon teangacha. |

# Ateangairí Óga

## Faisnéis Tacaíochta

### Sampla 2: Leabhair dhá theanga a léamh




Tá raon leathan **leabhair dhá theanga** ar fáil do na páistí sa scoil, lena n-áirítear síscéalta traidisiúnta agus leabhair phictiúr ardcháilíochta. Tá na leabhair ar fáil i mBéarla agus dteangacha baile éagsúla na bpáistí. Sa sampla seo, tá leabhar dhá theanga dá rogha féin á léamh ag na páistí, ina dteanga bhaile agus i mBéarla, le tacaíocht ó na hateangairí óga. Léann an tateangaire óg an leabhar don pháiste sa dá theanga agus déanann gníomhaíochtaí iardain leis an bpáiste, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Teideal an scéil a phlé sa dá theanga agus comparáidí a dhéanamh idir an dá theideal.
- Ceisteanna a chur atá oiriúnach do leibhéal tuisceana an linbh sa dá theanga.
- Cur síos a dhéanamh ar na léaráidí agus iad a phlé sa dá theanga.
- Tabhairt faoi straitéisí léamhthuisceana ar leibhéal oiriúnach don pháiste sa dá theanga, m.sh. tuartha a dhéanamh.

### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

I dtosach, d'fhéach an múinteoir agus na hateangairí óga le faisnéis a fháil maidir le réamheolas an pháiste faoin teanga bhaile, agus maidir le láidreachtaí agus laigí agus ábhair spéise faoi leith i ndáil leis an léitheoireacht. Tharla sin de thoradh ar chomhráite bríocha leis na páistí. Agus an fhaisnéis sin acu, roghnaigh an múinteoir agus na hateangairí óga téacsanna dhá theanga oiriúnacha do na páistí. Rinne an múinteoir pleanáil d'eispéiris foghlama a bhain leis an **Snáithe Léitheoireachta** don eispéireas foghlama seo, mar seo a leanas:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht | Tá sult á bhaint ag na páistí as bheith ag éisteacht le léitheoireacht agus tá téacsanna á n-aimsiú agus á bhfiosrú acu i dteangacha éagsúla. |
| TF2: Inspreagadh agus rogha | Tá téacsanna i raon teangacha á léamh ag na páistí. |



# Ateangairí Óga

## Faisnéis Tacaíochta

### Measúnú

Maidir le Sampla 1, d'úsáid an múinteoir **measúnú iomasach** agus **idirghníomhaíochtaí pleanáilte** i rith an eispéiris foghlama seo. Áiríodh leo sin faire ar chumas na bpáistí topaic a roghnú le scríobh faoi, **ceisteanna cuí a chur ar pháistí** faoina gcuid scríbhneoireachta ar eatraimh rialta agus iarraidh ar pháistí **mapáil coincheap** a úsáid chun a gcuid téacsanna scríbhneoireachta a phleanáil, i mBéarla agus ina dteanga bhaile araon. Bhog an múinteoir ó ghrúpa go grúpa freisin, agus rinne **plé** leis na páistí faoina gcuid scríbhneoireachta i rith an phróisis dréachtaithe, eagarthóireachta agus foilsithe. Rinne an múinteoir cuir síos ar thábhacht an **phiarmheasúnaithe.** Bhí na hateangairí óga solúbtha agus freagrúil don leibhéal tacaíochta a bhí de dhíth, leibhéal a bhí éagsúil ar fud na ngrúpaí, ag brath ar na dúshláin a bhí rompu.

Maidir le Sampla 2, chuir an múinteoir agus an t-ateangaire óg **ceisteanna** cuí ar na páistí faoin leabhar dhá theanga a roghnaigh siad le seiceáil ar a dtuiscint. D'fhair siad ar na páistí freisin chun a **rannpháirtíocht agus inspreagadh** maidir le téacsanna dhá theanga a fhiosrú a fháil amach. Bhí **piarmheasúnú** tábhachtach sa Sampla seo, mar gur lean na hateangairí óga orthu ag freagairt go cuí ar chumas na bpáistí léamh ina dteanga bhaile, trí **cheisteanna cuí a chur** orthu chun scafláil a thabhairt dá gcuid foghlama agus chun an tuiscint a bhí acu ar na leabhair dhá theanga a fháil amach.



### Machnamh

- Cad iad na smaointe a chuir an múinteoir in iúl i ndáil le tábhacht agus suntasacht theangacha baile na bpáistí? Conas a luíonn siad sin leis an méid a chreideann tú faoi theangacha baile na bpáistí a bheith á n-úsáid ar scoil?
- Déan machnamh ar ról an mhúinteora, an ateangaire óig agus an pháiste sna Samplaí sin. Conas a thaispeánann siad foghlaim mar chomh-iarracht?
- Conas ar eiseamláir é an Sampla seo de chuimsiú agus de léirthuiscint don éagsúlacht agus do theangacha baile na bpáistí?

**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**